

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Eolaíocht  
TUAIRISC**

**Gairmscoil Éinne, Cill Rónáin  
Árainn, Co. na Gaillimhe  
Uimhir Rolla: 71300M**

**Dáta na cigireachta: 18 Bealtaine 2011**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAIS SAN EOLAÍOCHT**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN G-CIGIREACHT**

<b>Dáta na cigireachta</b>	18 Bealtaine 2011
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Eolaíochta</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith thrí thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí Eolaíochta</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Bhí an teagasc agus an fhoghlaim go maith sna ranganna a breathnaíodh.
- Níl comhpháirt eolaíochta i gclár Idirbhliana na scoile faoi láthair.
- Bíonn athrú múinteora eolaíochta i gceist idir bliain 1 agus bliain 2.
- Déantar comharphleanáil ar ardchaighdeán don Eolaíocht.
- Tá acmhainní maithe ar fáil sa scoil don Eolaíocht.
- Táthar ar tí dul chun cinn tábhachtach a dhéanamh sa scoil i leith theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a fhí isteach i dteagasc na hEolaíochta.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Ba chóir breis forbartha a dhéanamh ar an dea-chleachtas atá i bhfeidhm cheana féin, ó thaobh obair scríofa na scoláirí a sheiceáil go rialta, agus deimhin a dhéanamh de go bhfaighidh na scoláirí aiseolas agus treoír scríofa faoina gcuid oibre i gcónaí.
- Ba chóir go mbeadh leanúnachas níos fearr do scoláirí ó bhliain 1 go bliain 2 ó thaobh na hEolaíochta de.

## RÉAMHRÁ

Tá Gairmscoil Éinne faoi bhainistíocht Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus tá 70 scoláire ar an rolla inti. Déanann an scoil freastal ar Inis Mór, an t-oileán is mó i measc Oileán Árann, ceantar Gaeltachta. Déantar gnó uile na scoile trí mheán na Gaeilge. Tá Idirbhliain roghnach sa scoil.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí an teagasc agus an fhoghlaim go maith i ngach ceann de na ceachtanna a breathnaíodh. Ba léir i ngach aon cheacht go raibh na scoláirí ag foghlaim.
- Cé go raibh aidhm shoiléir leis na ceachtanna a breathnaíodh, d'fhéadfaí cur le páirtíocht na scoláirí sna ranganna trí chuspóirí na hoibre a phlé leo i dtús gach ceachta.
- Chonacthas réimse maith modheolaíochtaí sna ceachtanna a breathnaíodh agus d'fhreagair na scoláirí go sásúil don éagsúlacht sin.
- Léirigh na múinteoirí chomh tiomanta is atá siad do dhul chun cinn na scoláirí trí bhreis cabhrach a chur ar fáil do dhuine ar bith a chaill ceacht.
- Chun an t-aicean ar pháirt lárnach an mhúinteora sna ceachtanna a mhaolú, agus chun struchtúr níos téagartha a sholáthar do na rangana, ba chóir béim níos láidre a chur ar fhoghlaim neamhspleách na scoláirí le linn ceachtanna, trí dhíriú ar chleachtaí a bhaineann le réiteach fadhbanna, mar shampla, nó trí cheisteanna eolaíocht-bhunaithe a phlé.
- Tacaíonn an t-ábhar atá ar taispeáint ar bhallaí na saotharlainne le difreálú an teagaisc, rud a bhfuil páirt thábhachtach ann freisin ag úsáid TFC sa teagasc agus san fhoghlaim. Chun cur leis an méid seo, ba chóir go gcuirfí eochairfhocail an cheachta ar taispeáint mar gnáth chleachtas i ngach rang.
- Bhí atmaisféar an-mhaith, gaol an-mhaith idir an múinteoir agus na scoláirí, bainistíocht ranga an-mhaith, chomh maith le suim agus páirtíocht inmholta i gcás na scoláirí, le sonrú i ngach rang a breathnaíodh.
- Tacaítear leis na scoláirí ina gcuid foghlama trí ábhar cuimsitheach tacaíochta don Eolaíocht a sholáthar dóibh, nótaí clóscríofa san áireamh.
- Bhí riar maith ar an obair phraiticiúil scoláire-bhunaithe a breathnaíodh. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar na féidirtheachtaí a bhainfeadh le creidiúint a thabhairt do na scoláirí as an obair seo i dtorthaí na scrúduithe scoile.
- Chun suim agus cumas na scoláirí in eolaíocht imscrúdaitheach a chothú agus chun tacú le hullmhú na scoláirí don tionscadal don Teastas Sóisearach, moltar go mbeadh tionscadail bheaga do na scoláirí mar chuid de na cláir eolaíochta do bhliain 1 agus bliain 2.
- Cuireann na scoláirí a gcuid oibre scríofa i láthair go slachtmhar agus ceartaítear go rialta í. Ba chóir breis forbartha a dhéanamh ar an dea-chleachtas seo, agus deimhin a dhéanamh de go bhfaighidh na scoláirí aiseolas agus treoir scríofa faoina gcuid oibre i gcónaí.

## SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Ábhar croíláir i gcuraclam na scoile is ea an Eolaíocht agus déantar soláthar oiriúnach di ar an tráthchlár. Chomh fada agus is féidir é, níor chóir níos mó ná tréimhse dúbailte amháin sa tseachtain a bheith i gceist don Eolaíocht.
- De bharr cúinsí foirne, bíonn athrú múinteora eolaíochta i gceist ó bhliain 1 go bliain 2 agus mar thoradh air sin ní dhéantar freastal ach ar bhitheolaíocht go príomha i mbliain 1 agus ar fhisic agus ceimic den chuid is mó i mblianta 2 agus 3 mar sholáthar curaclaim don tsraith shóisearach.
- Tugadh faoi deara go bhfuil ardleibhéal comhoibrithe agus cumarsáide idir na múinteoirí Eolaíochta, ach ba chóir don scoil machnamh a dhéanamh féachaint an bhféadfaí fisic agus ceimic éigin a chur ar chlár bhliain 1 agus béim bhreise a chur ar an mbitheolaíocht i mblianta 2 agus 3.
- De bharr teorainneacha foirne, níl comhpháirt eolaíochta ar bith ar chlár na hIdirbhliana na scoile faoi láthair. Tá sé seo faoi athbhreithniú ag an scoil agus tá an bhainistíocht sásta an Eolaíocht a chur ar an gclár ach na hacmhainní a bheith ar fáil trí úsáid TFC, b'fhéidir.
- Is léir ón mioneolas a thugtar i bhfillteán pleanála na roinne eolaíochta, ar mheasúnú agus ar nósanna imeachta scrúdaithe, go leagann roinn na hEolaíochta sa scoil an-bhéim ar an measúnú.
- Ba chóir go ndéanadh bainistíocht na scoile plé ar an anailís neamhfhoirmiúil a dhéantar faoi láthair ar thorthaí na scrúduithe stáit, a chur ar bhonn foirmiúil.
- Eagraíonn roinn na hEolaíochta raon leathan imeachtaí comhchuraclaim agus seachchuraclaim. Is mór is fiú páirtíocht na scoile i dtionscadal fadtéarmach idirnáisiúnta dírithe ar uisce.
- Tá na múinteoirí Eolaíochta páirteach sa tionscadal *Discover Sensors* mar chuid dá bhforbairt leanúnach phroifisiúnta, agus a rian sin le sonrú ar chleachtas ranga.
- Tá forbairt thábhachtach shubstaintiúil faoi lánseol sa scoil faoi láthair i dtaca le TFC a fhí isteach sa teagasc agus san fhoghlaim, agus acmhainní múinteoireachta agus eile a roinnt, le cabhair TFC, le scoileanna eile i scéim Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Mar chuid de seo, cuirfear mionróimhaire glúine an duine ar fáil, ar ball beag, do scoláirí sa tsraith shóisearach.
- Tá an scoil ag déileáil faoi láthair le fadhbanna a tháinig chun cinn le linn measúnú priacail a deineadh ar an láthair mhúinteoireachta eolaíochta. Chun tacú leis an déileáil sheasmhach leanúnach le ceisteanna slándála i dteagasc na hEolaíochta, ba chóir do roinn na hEolaíochta iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar chúrsaí sláinte agus slándála sa saotharlann eolaíochta.
- Tá ord agus eagar ar an saotharlann Eolaíochta, tá fearas oiriúnach innti, agus coinnítear go sásúil í. Tá an scoil ag feabhsú an tsoláthair a chuirtear ar fáil chun ceimicigh a stóráil go sábháilte sa seomra réamhshaotharlainne.
- Déanann roinn na hEolaíochta an-chúram de roghnú acmhainní oiriúnacha teagaisc chun Eolaíocht a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

## PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Bhí ardleibhéal comhoibrithe agus comhroinnt fhial ar acmhainní, TFC ina measc, i gceist sa phleanáil ábhair i roinn na hEolaíochta.
- Bhí an-chuid oibre i gceist in ullmhú an phlean roinne don Eolaíocht, plean a bhfuil leagan amach an-bhreá air. Agus breis forbartha á dhéanamh ar an bplean, ba chóir tagairt a dhéanamh do spriocanna foghlama, mar a luaitear i siollabas na hEolaíochta; ba chóir go mbeadh soláthar treorach do na scoláirí maidir le hathdhéanamh córasach ar a gcuid oibre i gceist freisin.
- Is dea-chleachtas i roinn na hEolaíochta é go bhfuil plean slándála acu a bhfuil soláthar ann maidir le timpistí agus briseadh fearais a thuairisciú.
- Tá fillteán lárnach leictreonach roinne ar fáil, a bhfuil acmhainní TFC uile na roinne eolaíochta ann agus fillteán lárnach eile a bhfuil acmhainní eolaíochta eile ann.
- Rinneadh pleanáil agus ullmhúchán ar árdchaighdean do na ceachtanna eolaíochta a breathnaíodh.
- San obair a dhéanfar i roinn na hEolaíochta amach anseo, ba chóir soláthar a dhéanamh do phleanáil chomhoibritheach ghnímh i dtaca le TFC a fhí isteach sa teagasc agus san fhoghlaim, agus difreálú a dhéanamh sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim.
- Coimeádtar taifid ar dhul chun cinn na scoláirí san Eolaíocht agus cuirtear tuairiscí go rialta chuig tuismitheoirí na scoláirí.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhar.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.